| | |
|---|---|
| **1.** Cuir an cat amach. | Put the cat out. |
| **Cuireann** mé an cat amach. | I **put** the cat out. |
| **Cuirim** an cat amach. | **I put** the cat out. |
| **Ní chuireann** mé an cat amach. | I **don't put** the cat out. |
| **Ní chuirim** an cat amach. | **I don't put** the cat out. |
| **An gcuireann** tú an cat amach? | **Do** you **put** the cat out? |
| **Nach gcuireann** tú an cat amach? | **Don't** you **put** the cat out? |
| **Cuireann**. / **Cuirim**. | **Yes**. |
| **Ní chuireann**. / **Ní chuirim**. | **No**. |
| **Cuireann** mé an cat amach. | I **put** the cat out. |
| **Cuirim** an cat amach. | **I put** the cat out. |
| **Cuireann** tú an cat amach. | You **put** the cat out. |
| **Cuireann** sé an cat amach. | He **puts** the cat out. |
| **Cuireann** sí an cat amach. | She **puts** the cat out. |
| **Cuireann** muid an cat amach. | We **put** the cat out. |
| **Cuirimid** an cat amach. | **We put** the cat out. |
| **Cuireann** sibh an cat amach. | You all **put** the cat out. |
| **Cuireann** siad an cat amach. | They **put** the cat out. |
| **Ólann** mé uisce. | I **drink** water. |
| **Ólaim** uisce. | **I drink** water. |
| **Ní ólann** mé uisce. | I **don't drink** water. |
| **Ní ólaim** uisce. | **I don't drink** water. |
| **An ólann** tú uisce? | **Do** you **drink** water? |
| **Nach n-ólann** tú uisce? | **Don't** you **drink** water? |
| **Ólann**. / **Ólaim**. | **Yes**. |
| **Ní ólann**. / **Ní ólaim**. | **No**. |
| **2.** Ceannaigh an carr. | Buy the car. |
| **Ceannaíonn** mé carranna. | I **buy** cars. |
| **Ceannaím** carranna. | **I buy** cars. |
| **Ní cheannaíonn** mé carranna. | I **don't buy** cars. |
| **Ní cheannaím** carranna. | **I don't buy** cars. |
| **An gceannaíonn** tú carranna? | **Do** you **buy** cars? |
| **Nach gceannaíonn** tú carranna? | **Don't** you **buy** cars? |
| **Ceannaíonn**. / **Ceannaím**. | **Yes**. |
| **Ní cheannaíonn**. / **Ní cheannaím**. | **No**. |
| **Ceannaíonn** mé carranna. | I **buy** cars. |
| **Ceannaím** carranna. | **I buy** cars. |
| **Ceannaíonn** tú carranna. | You **buy** cars. |
| **Ceannaíonn** sé carranna. | He **buys** cars. |
| **Ceannaíonn** sí carranna. | She **buys** cars. |
| **Ceannaíonn** muid carranna. | We **buy** cars. |
| **Ceannaímid** carranna. | **We buy** cars. |
| **Ceannaíonn** sibh carranna. | You all **buy** cars. |
| **Ceannaíonn** siad carranna. | They **buy** cars. |

**Comhrá 1**
A: **An ólann** tú tae?
B: **Ólaim**. Is breá liom tae.
A: **An gcuireann** tú siúcra i do chuid tae?
B: **Cuireann. Cuirim** siúcra agus bainne ann.
A: An maith leat brioscaí freisin?
B: Ní maith. **Ní ithim** brioscaí.

**Conversation 1**
**Do** you **drink** tea?
**Yes**. I love tea.
**Do** you **put** sugar in your tea?
**Yes**. **I put** sugar and milk in it.
Do you like cookies, too?
No. **I don’t eat** cookies.

**Comhrá 2**
A: **An gceannaíonn** tú torthaí san ollmhargadh?
B: **Ceannaím**. **Ceannaím** sútha talún ansin.
A: **Nach gceannaíonn** tú oráistí freisin?
B: **Ní cheannaím**. Ní maith liom oráistí.
A: **An osclaíonn** an t-ollmhargadh go luath?
B: **Osclaíonn**. **Osclaíonn** sé ag a seacht.

**Conversation 2**
**Do** you **buy** fruit in the supermarket?
Yes. **I buy** strawberries there.
**Don’t** you **buy** oranges, too?
**No**. I don’t like oranges.
**Does** the supermarket **open** early?
**Yes**. It **opens** at seven.

**Dán – An Caitín (le Peadar Ó Fátharta)**
Tá caitín agamsa atá buí agus bán.
**Ólann** sé bainne agus **itheann** sé arán!
Uaireanta **imíonn** sé ... **imíonn** sé ar fan.
Mo chaitín beag álainn, buí agus bán.
**Itheann** sé iasc agus **itheann** sé arán.

**Poem – The Little Cat**
I have a little cat that is yellow and white.
He **drinks** milk and he **eats** bread!
Sometimes he **goes** … he **goes** wandering.
My beautiful little cat, yellow and white.
He **eats** fish and he **eats** bread.

**Ceisteanna**
1. An **ólann** tú caife?
2. An **gcuireann** tú siúcra i do chuid caife?
3. An **itheann** tú feoil?
4. An **gceannaíonn** tú caife go minic?
5. An **osclaíonn** an t-ollmhargadh go luath?
6. An **éiríonn** tú go luath ar maidin?
7. An **siúlann** tú ar an trá?
8. An **labhraíonn** tú le do chairde go minic?
9. An **scríobhann** tú dánta nó scéalta?
10. An **léann** tú irisí?

**Questions**
**Do** you **drink** coffee?
**Do** you **put** sugar in your coffee?
**Do** you **eat** meat?
**Do** you **buy** coffee often?
**Does** the supermarket **open** early?
**Do** you **get up** early in the morning?
**Do** you **walk** on the beach?
**Do** you **talk** to your friends often?
**Do** you **write** poems or stories?
**Do** you **read** magazines?